— ceist chostais Carpatair agus AITTV a fhorchoimeád má tharchuirtear an cás chuig an gCúirt Ghinearálta nó, má chuireann an Chúirt Onórach seo a breithiúnas féin in ionad ansin a ordú do Carpatair a chostais féin agus costais AITTV a íoc ar an gcéad dul síos agus ar achomharc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Áitíonn an tAchomharcóir gur cheart an breithiúnas atá á achomharc a chur ar neamhní ar na forais seo a leanas:

Saincheist a 1 – earráid dlí nuair a mheastar go bhfuil gníomh Carpatair inghlactha ainneoin nach bhfuil 'tionchar substaintiúil' ag na socruithe atá faoi chonspóid ar Carpatair;

Saincheist a 2 – earráid dlí le cinneadh go raibh na socruithe roghnach;

Saincheist a 3 – earráid sa dlí trí inghlacthacht an mheasúnaithe *ex ante* a dhiúltú;

Saincheist a 4 – neamhaird a thabhairt ar bhreithnithe ábhartha (m.sh., trí thuarascáil Oxera a mheas mar 'neamhábhartha'), agus

Saincheist a 5 – theip ar fhianaise a chuir an Coimisiún, Wizz agus AITTV isteach a chur san áireamh go leordhóthanach maidir leis an easpa ábhartha iomaíochta idir Wizz agus Carpatair nuair a tugadh na socruithe chun críche.

[1] Cinneadh (AE) 2021/1428 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2020 MAIDIR LEIS AN gCÚNAMH STÁIT SA.31662 – C/2011 (sean-NN/2011) arna chur chun feidhme ag an Rómáin le haghaidh Aerfort Idirnáisiúnta Timișoara – Wizz Air (IO 2021 L 308, lch. 1) .

**Iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék (an Ungáir) an 18 Aibreán 2023 — VP v Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság**

**(Cás C-247/23, Deldits** [1]**)**

(2023/C 235/23)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VP

*Cosantóir:* Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 16 de RGCS [2] a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis ar an údarás atá freagrach as na cláir i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, maidir le feidhmiú chearta an ábhair sonraí, an sonra pearsanta a bhaineann le gnéas an duine sin arna chlárú ag an údarás a cheartú i gcás gur athraigh an sonra sin tar éis a iontrála ar an gclár agus, dá bhrí sin, nach gcomhlíontar prionsabal an chruinnis arna leagan síos in Airteagal 5(1)(d) de RGCS?

2) I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist a tharchuirtear, an gcaithfear Airteagal 16 de RGCS a léiriú sa chaoi go n-éilítear leis go mbeidh ag an duine atá ag iarraidh go gceartófaí an sonra maidir lena ghnéas fianaise lena dtugtar údar dá éileamh ar cheartú?

3) I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an dara ceist a tharchuirtear, an gcaithfear Airteagal 16 de RGCS a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar an duine is iarratasóir a léiriú go ndearnadh obráid athraithe gnéis air?

[1] Ainm dlítheanach atá in ainm an cháis seo. Ní bhaineann sé le fíorainm aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.
[2] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).